Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8601/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0112 (COD)**

**MI 335**
**COMPET 293**
**DIGIT 91**
**IND 126**
**TELECOM 129**
**PI 54**
**AUDIO 33**
**JUSTCIV 109**
**CODEC 743**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán maidir leis an gcaidreamh 'ardán le gnólacht' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo pléph..áipéar ón Uachtaránacht maidir leis an rialachán i ndáil leis an gcaidreamh 'ardán le gnólacht' d'fhonn an díospóireacht ar bheartas, a bheidh ar siúl ag an gComhairle Iomaíochais ar an 28 Bealtaine 2018, a ullmhú.

## 1. Timpeallacht ghnó thrédhearcach intuartha chun muinín a choimirciú

Maidir le rochtain trasteorann ar mhargaí tomhaltóirí, cuireann ardáin ar líne éifeachtúlachtaí thar na bearta ar fáil agus is iad na comhéadain is mó a mbaineann gnólachtaí rathúla úsáid astu: déanann níos mó ná milliún fiontar san Aontas trádáil trí ardáin ar líne chun teacht ar a gcuid custaiméirí, déantar leath de na háirithintí taistil san Eoraip ar líne, braitheann sé cinn as gach deich gcinn de FBManna Eorpacha ar na meáin shóisialta chun a gcuid táirgí agus a gcuid seirbhísí a chur chun cinn, agus maíonn 66% dóibh go mbíonn tionchar suntasach ag an áit ina dtagann siad i dtorthaí cuardaigh ar a gcuid díolachán.

Tá an trádáil dhigiteach ag fás go tapa i gcónaí agus is minic anois a dhéanann ardáin ar líne an idirghabháil, mar is tairsí iad do na margaí, agus dá bhrí sin tá siad ag athstruchtúrú an gheilleagair dhigitigh. Tá láithreacht (ar ardáin) agus infheictheacht (ar innill chuardaigh freisin) ar líne ríthábhachtach do ghnólachtaí na hEorpa lena bheith rannpháirteach go rathúil i ngeilleagar an Aontais.

Baineann ardáin ar líne leas as timthriall fáis mhaith a bhuí le héifeachtaí líonra sonraíbhunaithe láidre a bhfuil méid, luas agus scála gan fasach ag baint leo: Fágann an méadú ar líon na n úsáideoirí ar thaobh amháin den ardán (e.g. díoltóirí, lucht cruthaithe ábhair, soláthraithe seirbhíse) go bhfuil sé níos tarraingtí d'úsáideoirí ar an taobh eile (e.g. tomhaltóirí, lucht féachana), agus tá a mhalairt sin fíor, freisin. Tá rochtain ag ardáin ar mhéid mór sonraí ar ardchaighdeán agus ar raon leathan ábhar, lena n-áirítear i bpróifílí agus i sainroghanna na n-úsáideoirí. Ar an ábhar sin is féidir leo a gcuid earraí agus seirbhísí a fheabhsú trí thorthaí (i gcás innill chuardaigh) a oiriúnú de réir éileamh agus soláthar táirgí/seirbhísí (i gcás ardáin ar líne) le héifeachtúlachtaí atá gan fasach.

Mar thoradh ar na saintréithe thuas, is féidir cumhacht mhargála neamhchothrom a bheith ann mar gheall go mbíonn úsáideoirí gnó ag brath níos mó agus níos mó ar ardáin agus ar innill chuardaigh ghinearálta chun teacht ar a gcuid custaiméirí. Ó thaobh straitéisí gnó na n-ardán ar líne, díríonn siad ar chustaiméirí a mhealladh agus a choinneáil, agus ar an taobh eile ní mór dá n-úsáideoirí gnó láithreacht a bheith acu ar níos mó ná ardán amháin i ngach deighleog den mhargadh chun an láimhdeachas is mó a bhaint amach. Ina theannta sin, mar thoradh ar éifeacht an líonra, tá dlúthmhargadh ann ó thaobh ardán de i roinnt earnálacha den gheilleagar.

Leis an ngníomh aimsithe fíoras a rinne an Coimisiún Eorpach le dhá bhliain anuas (lena n-áirítear staidéir áirithe, ceardlanna agus go leor gearáin ó ghnólachtaí), léirítear go bhfuil roinnt mhaith cleachtaí trádála díobhálacha ann a chuireann bac ar chumas go leor úsáideoirí gnó – ar úsáideoirí beaga iad go minic – an leas iomlán a bhaint as idirghabháil ar líne. Mar gheall air sin, ní féidir leo díriú ar a bpríomhchúraimí: fás agus poist a chruthú tríd an raon is leithne is féidir táirgí agus seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí san Eoraip (agus sa domhan). Tugtar le tuiscint leis an bhfianaise – a fuarthas ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta – go ndearnadh dochar cheana do bheagnach gach dara úsáideoir gnó ag cleachtais amhail athruithe tobanna treallacha i dtéarmaí agus i gcoinníollacha ardán, easpa soiléireachta sna fachtóirí a ghabhann le torthaí agus rangú cuardaigh, díliostú ó ardáin gan údar maith a bheith leis, easpa soiléireachta maidir le beartais sonraí an ardáin, nó iompraíocht idirdhealaitheach a líomhnaítear a rinne na hardáin sin atá comhtháite go hingearach agus a théann in iomaíocht lena ndíoltóirí tríú páirtí.

De réir suirbhé ón gCoimisiún, tá an tríú cuid de na fadhbanna sin fós gan réiteach, agus tá 29 % acu sa bhreis air sin a mbeidh deacrachtaí ann lena réiteach, rud a thaispeánann an easpa sásaimh éifeachtúil sa réimse seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtugtar roinnt mhaith fadhbanna chun solais sa chéad dul síos, ar eagla go ndéanfadh na hardáin frithbheart. Meastar go n-úsáideann thart ar milliún gnólacht de chuid an Aontais ardáin[1]; déantar díobháil do na céadta míle gnólachtaí ar bhealaí éagsúla, mar sin.

Ní théann dlí na hiomaíochta ná dlí tomhaltais i ngleic leis na saincheisteanna sin go héifeachtach. Ní bheifear in ann a rá go raibh ceannasacht ach ag roinnt de na hardáin is mó ó thaobh dlí na hiomaíochta de. I gcodarsnacht leis sin, tá dlí tomhaltais teoranta d'idirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí agus ní thugann sé aghaidh ar na cleachtaí trádála neamhchothroma ar sainaithníodh go bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí eile. Ní thugann na dlíthe náisiúnta atá ann faoi láthair maidir le cleachtais trádála neamhchothroma aghaidh go sonrach ar na fadhbanna a luaitear thuas ach oiread.

---

1 *Copenhagen Economics, 'Online Intermediaries Impact on the EU economy*', EDiMA, Deireadh Fómhair 2015

Ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú níos mó ar líon na ngnólachtaí ar mhaith leo ardáin ar líne a úsáid chun teacht ar chustaiméirí ná ar líon na n-ardán ar líne, ní dócha go n-athróidh dinimic an mhargaidh ar bhealach suntasach. Dá bhrí sin, meastar gur measa amach anseo a bheidh an neamhchothromaíocht, a thagann as spleáchas, sa chumhacht mhargála ná mar atá sé sa lá atá inniu ann, agus ní dócha go rachaidh aon tionscnaimh féinrialála i ngleic go héifeachtach leis na fadhbanna a sainathníodh.

Tá timpeallacht thrédhearcach intuartha ó ghnóthais an Aontais chun dul i ngleic go hiomlán leis an nuálaíocht dhigiteach agus na deiseanna fáis a cruthaíodh le geilleagar na n-ardán ar líne. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, trédhearcacht agus intuarthacht phríomhchleachtais trádála na n-ardán a áirithiú. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn le haghaidh úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne, a glacadh ar an 26/4/2018, éiceachóras ardán sláintiúil a áirithiú a théann chun tairbhe do gach duine – úsáideoirí gnó, idirghabhálaithe ar líne, agus tomhaltóirí Eorpacha – agus an méid is lú ualach rialála a fhorfheidhmiú ar ardán (agus díolúine a thabhairt d'ardáin bheaga ón gceanglas sásraí inmheánacha a bhunadh chun dul i ngleic le gearáin). Ag an am céanna, is cinnte go mbainfidh ardáin mhóra agus bheaga (agus a gcuid úsáideoirí) leas as creat rialála intuartha tras-Eorpach.

## 2. Cur chuige dhá chéim chun comhréireacht a áirithiú

Agus rialú a dhéanamh ar earnáil mhearfhásmhar a bhfuil samhlacha gnó aici atá ag forbairt i gcónaí, baineann tábhacht ar leith le cothromaíocht cheart agus seicheamhú ceart a áirithiú sa chur chuige rialála, chun na cuspóirí beartais díreacha a bhaint amach agus d'acmhainn fáis an gheilleagair. Chun na críocha sin, tá treoir tugtha cheana féin ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcreat rialála a bheidh ann amach anseo "gur gá breis trédhearcachta maidir le cleachtais ardáin agus an leas a bhaintear as na hardáin sin"[2].

[2] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, Deireadh Fómhair 2017

Ba cheart go gcabhródh cleachtais ghnó thrédhearcacha ("rialacha an chluiche") agus sásraí sásaimh feabhsuithe leis an leibhéal ginearálta imris atá le feiceáil sa lá atá inniu ann sa chaidreamh 'ardán le gnólacht'. Ag an am céanna, fágann an togra ón gCoimisiún saoirse ag ardáin na rialacha conarthacha a mbíonn feidhm acu maidir lena n-ionaid mhargaidh a chinneadh mar aithníonn sé go gcuireann sin ar a gcumas a n-éiceachórais mhóra d'úsáideoirí gnó agus de thomhaltóirí a eagrú go héifeachtach. Dá bhrí sin, cosnaíonn an togra acmhainn nuálaíochta gheilleagar na n-ardán ar líne, rud a théann chun tairbhe gach gníomhaí, lena n-áirítear níos mó ná 7,000 ardán ar líne arna mbunú san Aontas Eorpach.

Ag an am céanna, maidir le húsáideoirí gnó, tuigtear go bhfuil tábhacht tráchtála faoi leith le roinnt saincheisteanna, agus ní féidir cleachtais trádála neamhchothroime aontaobhacha a chur as an áireamh mar gheall air sin. Baineann sin le saincheisteanna maidir leis an ardán a bheith in iomaíocht lena ionad margaidh féin, nó maidir le rangú, nó le rochtain ar shonraí, mar shampla. Le rialú mionsonraithe *ex ante* chleachtais den sórt sin thuigfí nach mór samhlacha gnó na n-ardán ar líne a mhodhnú, agus mheas an Coimisiún Eorpach (i ndiaidh dó an bonn fianaise atá ann cheana a chur i gcomparáid leis na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht nach bhfuil neodrach go leor ó thaobh teicneolaíochta de agus nach bhfuil nuálaíocht-dhíonach) go mbeadh sin díréireach.

Leis na hoibleagáidí trédhearcachta atá beartaithe cumhdaítear cheana féin na saincheisteanna sin atá "ag teacht chun tosaigh" a bhfuil ríthábhacht tráchtála d'úsáideoirí gnó ag baint leo, agus meastar go mbeidh éifeacht smachtaithe acu ar iompraíocht na n-ardán. Theastófar monatóireacht bhreise chun cineál agus tionchar iomlán chleachtais na n-ardán sna réimsí sin a thuiscint agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbearta trédhearcachta atá beartaithe. Dá bhrí sin, tá loighic idirghabhála an togra bunaithe ar chur chuige dhá chéim: Leis an gcéad chéim, méadófar trédhearcacht agus oibleagáidí sásaimh chun iomaíocht a spreagadh idir ardáin agus chun cumhacht a thabhairt d'úsáideoirí gnó cinntí níos eolaí a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach go héifeachtach.

Leis an dara céim, déanfar an gá a d'fhéadfadh a bheith ann le bearta spriocdhírithe atá níos fadréimsí a shainaithint trí ghéarmhonatóireacht – i.e. Faireachlann an Aontais ar Gheilleagar Ardánach an Idirlín, a bheidh mar chroílár ag iarracht le saineolas saineolaithe agus lucht déanta beartas ar fud an Aontais a chur le chéile. Táthar ag súil go dtosóidh grúpa saineolaithe neamhspleácha, a bheith ríthábhachtach don Fhaireachlann sin, a chuid oibre roimh an samhradh seo. Agus é ag obair ar na cúraimí a dháilfear air, ní mór dó fanacht i ndlúth-thadhall le lárionaid saineolais agus inniúlachta atá ann cheana sna Ballstáit.

Cuirfidh an iarracht mhonatóireachta seo fianaise leis an athbhreithniú ar an Rialachán atá beartaithe trí bliana i ndiaidh a ghlactha.

## 3. Ceisteanna

– An aontaíonn tú leis an anailís thuas go bhfuil gá le feabhas a chur le hintuarthacht agus trédhearcacht d'úsáideoirí gnó na n-ardán ar líne chun muinín a chur chun cinn i ngeilleagar na n-ardán ar líne?

– An dtacaíonn tú le cur chuige céim ar chéim chun idiragairt a dhéanamh i ngeilleagar na n-ardán ar líne a bhíonn ag forbairt go tapa, ag díriú ar thrédhearcacht agus ar shásamh, ar cur chuige é as a dtiocfadh comhaontú tapa sa chéad chéim atá beartaithe (rud a bheadh tábhachtach don Aontas)?